



BISFEANÓIL: NA NITHE NACH MÓR DUIT A BHEITH AR AN EOLAS FÚTHU

CÉARD IAD BISFEANÓIL?

Is grúpa ceimiceán de dhéantús an duine iad bisfeanóil agus úsáidtear iad le linn plaistigh pholacarbónáite agus roisín eapocsacha a mhonarú. Maidir leis na ceimiceáin atá ann sa ghrúpa sin, is é atá sa cheann is mó a úsáidtear ná bisfeanól A, ar a dtugtar BPA freisin, agus táirgtear méideanna móra de.

I gcomparáid leis sin, tá úsáid bisfeanól eile, amhail bisfeanól S (BPS) agus bisfeanól F (BPF), teoranta cé go bhfuil méadú ag teacht ar na méideanna de réir mar atá na ceimiceáin sin á n-úsáid mar cheimiceáin ionaid le haghaidh BPA i roinnt táirgí, tar éis srianta a bheith curtha ar úsáid BPA.

D'FHÉADFADH

CEANN DE NA PICTEAGRAIF SEO A LEANAS A BHEITH AR PHLAISTIGH PHOLACARBÓNÁITE:



POLACARBÓNÁIT



EILE

Conas a úsáidtear bisfeanóil?

Úsáidtear BPA mar bhloc tógála le linn plaistigh pholacarbónáite a tháirgeadh. Maidir leis an bplaisteach a bhíonn ann mar thoradh air sin, is plaisteach glé crua é agus úsáidtear é le linn raon leathan earraí tomhaltóra a mhonarú, lena n-áirítear trealamh spóirt, CD-anna, DVD-anna, trealamh sábháilteachta turraing-fhriotaíoch agus páirteanna gluasteáin. Baintear úsáid as plaisteach BPA-bhunaithe i gcoimeádáin bhia freisin, amhail buidéal dí in-athúsáidte agus earraí boird plaisteacha in-athúsáidte.

Úsáid phríomha eile BPA is ea roisín eapocsacha a tháirgeadh. Baintear úsáid as na roisín sin chun cannaí bia agus dí a léineáil d'fhonn creimeadh an mhíotail a sheachaint agus d'fhonn aistriú míotail áirithe isteach san ábhar lena mbaianeann a sheachaint. Baintear úsáid astu freisin chun píopaí uisce a léineáil agus le linn páipéir theirmeacha, a úsáidtear i ndáil le hadmhálacha díolachán siopa, admhálacha ATM, ticéid iompair phoiblí, ticéid pháirceála agus pasanna bordála aerlíne, a mhonarú. Agus úsáidtear BPA i séaltáin dhéadacha.

Ina theannta sin, a mhéid a bhaineann le bisfeanóil eile, baintear úsáid as BPS agus as BPF araon le linn plaistigh a mhonarú. Go háirithe, tá méadú ag teacht ar úsáid BPS le linn páipéir theirmeacha a tháirgeadh. Is é a spreag an méadú sin ná cosc a bheith ann amach anseo ar úsáid BPA i bpáipéir theirmeacha san Aontas Eorpach, ar cosc é atá le teacht i bhfeidhm i mí Eanáir 2020.

Conas is féidir le bisfeanóil dul isteach i do cholainn?

Tarlaíonn an chuid is mó de risíocht daoine le BPA trí thomhailt bia agus deochanna a bhí i dteagmháil le líneálacha roisín eapocsacha nó le coimeádáin phlaistigh polacarbónáite, D'fhéadfadh sé go mbeadh leibhéil an-íseal BPA ann i mbia nó i ndeochanna, ar BPA é a tháinig ó choimeádáin agus ó líneálacha. Mar gheall ar an gcainníocht bia níos airde a itheann leanaí beaga, i gcomparáid lena méid, tá riosca méadaithe ann go nochtfar do BPA iad.

D'fhéadfadh nochtadh tarlú freisin tríd an gcaiceann tar éis páipéir theirmeacha, amhail admhálacha scipéid, a láimhsiú. D'fhéadfadh nochtadh teoranta a bheith ann freisin trí aer agus deannach éillithe a ionanálú. Nuair a théann BPA isteach i gcolainn duine, díscailtear go tapa ina mheitilí é agus téann sé amach as an gcolainn i bhfuil.

RIOSCA CEIMICEACH A THUISCINT

Éiríonn an riosca díobhála ó aon ceimiceán ar leith as an nguais a bhaineann leis an gceimiceán agus, chomh maith leis sin, ón nochtadh don cheimiceán.

Baineann **guais** leis na hairíonna de chuid an cheimiceáin a dhéanann tocsaineach é, rud a chiallaíonn gur féidir leis dochar a dhéanamh do shláinte an duine.

Is é atá i **nochtadh** ná cur síos ar mhéid ceimiceáin a mbíonn duine i dteagmháil leis agus, chomh maith leis sin, ar mhínicíocht an nochtadh.

Úsáidtear an téarma **tairseach** chun léiriú a thabhairt ar thiúchan, nó ar leibhéal, ceimiceáin ar féidir le daoine, de réir an eolais atá ann faoi láthair, a bheith nochtadh dó gan éifeachtaí díoltacha sláinte a fhulaingt. Meastar go bhfuil nochtadh suas go dtí an leibhéal sin sábháilte. Is féidir le roinnt ceimiceán a bheith ina gcúis le héifeachtaí sláinte beag beann ar an tiúchan agus meastar nach bhfuil aon tairseach ann i leith na gceimiceán sin. I gcás ceimiceán den sórt sin, níl aon leibhéal nochtadh sábháilte.

Conas a d'fhéadfadh bisfeanóil difear a dhéanamh don tsláinte?

San Aontas Eorpach (AE), tá BPA aicmithe mar shubstaint ag a bhfuil éifeachtaí tocsaineacha ar ár gcumas chun atáirgeadh a dhéanamh, rud a chiallaíonn go bhféadfadh sé damáiste a dhéanamh do thorthúlacht nó don leanbh sa bhroinn. Tá sé aicmithe mar réabóir iontálaigh freisin, rud a chiallaíonn gur féidir leis cur isteach a dhéanamh ar fheidhmí an chórais hormónaigh. Mar thoradh ar na guaiseacha sin a shainithint, chuir an tAontas Eorpach bearta i gcrích chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh do BPA.





Tugann fianaise ó staidéir eolaíochta le fios go bhféadfaí nochtadh do BPA a nascadh le hotracht agus le diaibéiteas agus go bhféadfadh sé a bheith ina chúis le héifeachtaí dochracha ar an gcóras imdhíonachta. D'ainneoin saibhreas staidéar a bheith ann, tá ceisteanna ann fós maidir le tionchair BPA ar shláinte agus maidir le leibhéil agus faid an nochtadh a bhíonn i gceist sula dtarlaíonn na tionchair sin.

Tá drochamhras ann go bhfuil cuid mhór de na héifeachtaí dochracha céanna sláinte ag BPS agus atá ag BPA, agus tá meastóireacht a déanamh ar BPS faoi láthair ag an nGníomhaireacht Eorpach Ceimiceán.





Nochtadh daoine do bhisfeanóil san Eoraip

Chun tuiscint a fháil ar nochtadh daoine do bhisfeanóil, déantar a dtáirgí dianscaoilte a thomhas i bhfual.

Mar thoradh ar staidéir bhithmhonatóireachta ar dhaoine, tá BPA aimsithe i bhfuil nó i bhfual na ndaoine a ndearnadh suirbhé ina measc, rud a thugann le fios go mbíonn formhór mór dhaonra na hEorpa nocht do dháileoga ísle BPA ar bhonn leanúnach.

Ach ní hionann bisfeanóil a bheith ann i bhfuil duine agus a rá, de riachtanas, go bhfuil dochar déanta do shláinte an duine lena mbaineann. Má tá leibhéal an nocht faoi bhun na tairisí a mheastar a bheith sácháilte, ansin ní cheapfar go mbeidh éifeachtaí dochracha ar shláinte an duine lena mbaineann.

Sa bhliain 2015, rinne an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia meastóireacht ar na rioscaí a bhí ann don tsláinte phoiblí mar gheall ar BPA a bheith ann in earraí bia. Leag siad síos an leibhéal BPA atá sácháilte lena ionghabháil ar bhonn laethúil, rud ar a dtugtar an ionghabháil laethúil inghlactha, agus cuireadh an leibhéal sin i gcomparáid le meastacháin ar nochtadh daoine do BPA. Chinn siad nach ionann BPA agus riosca sláinte do thomhaltóirí i gcomhthéacs na leibhéal riosca atá ann faoi láthair.

Tá fianaise nua eolaíochta maidir le is na guaiseacha a bhaineann le bisfeanóil, agus maidir le nochtadh do bhisfeanóil, tagtha chun bheith ar fáil ó bhí an bhliain 2015 ann agus tá athmheastóireacht a déanamh ag an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia anois ar BPA chun an fianaise nua sin a chur san áireamh. Is ceart go gcuirfeadh an mheastóireacht nua sin i gcrích faoin mbliain 2020.

Is é atá i gceist le bithmhonatóireacht ar dhaoine ná samplaí beaga fola, fuail nó gruaige a ghlacadh agus tíuchan ceimiceáin sa sampla a thomhas. Mar thoradh ar an tomhas sin, cinntear méid iomlán ceimiceáin sa cholainn, rud a léiríonn an t-ionchur go léir ó gach foinse fhéideartha.

Is fearr samplaí a ghlacadh ó líon mór daoine chun léargas a fháil ar an nochtadh laistigh de dhaonra ar leith.

Cad atá á dhéanamh ag HBM4EU maidir le bisfeanóil?

Tá HBM4EU ag obair chun freagra a fháil ar na ceisteanna tábhachtacha seo a leanas maidir le bisfeanóil d'fhonn faisnéis a bhailliú a úsáidfeadh i ndáil le meastóireacht ar na rioscaí féideartha do shláinte an duine agus chun tacaíocht a thabhairt i ndáil le húsáid shábháilte.

- Céard é nochtadh reatha dhaonra an Aontais Eorpaigh do bhisfeanóil?
- An ábhar inní maidir le cúrsaí sláinte é an leibhéal nocht sin?
- An bhfuil rioscaí ann don tsláinte phoiblí mar thoradh ar BPS agus BPA?
- An mó an riosca atá ann i gcás leanaí?

Chun tuilleadh faisnéise a fháil, féach leathanach gréasáin HBM4EU maidir le bisfeanóil.

Conas is féidir leat do nochtadh do bhisfeanóil a laghdú?

Más ábhar inní duit é an t-ábhar seo, is féidir leat na bearta seo a leanas a dhéanamh chun an nochtadh a laghdú.

- Seachain coimeádáin pholacarbónáite a úsáid le haghaidh bia te nó deochanna teo agus seachain bia atá i gcoimeádáin phlaisteacha a chócaráil san oigheann micreathonnach. Tagann níos mó BPA ó choimeádáin bhia agus deochanna má bhíonn siad te nó ar fuchadh. Tá sé tábhachtach déanamh de réir na dtreoracha sonracha ar gach coimeádán chun mí-úsáid a sheachaint.
- Ná húsáid coimeádáin phlaisteacha bhia atá damáistithe. Má tá coimeádáin bhia nó buidéal scríobtha nó damáistithe ar an taobh istigh, tá baol ann go scaoilfeadh BPA isteach sa bhia nó sa leacht.
- Teorannaigh an méid bia stánaithe a itheann tú.
- Seachain teagmháil a dhéanamh le páipéar teirmeach scipéid ós rud é gur féidir le BPA fanacht ar do lámha.
- Tá an ceart agat ceist a chur ar an soláthraí i dtaobh an bhfuil an tíuchan BPA atá ann in aon táirge ar leith os cionn 0.1%? Ní mór don soláthraí an fhaisnéis sin a thabhairt duit laistigh de 45 lá ón tráth a n-iarrann tú í agus, chomh maith leis sin, ní mór don soláthraí faisnéis a thabhairt a ligfidh duit an táirge a úsáid go sácháilte.

Conas atá saoránaigh á gcosaint ag an Aontas Eorpach?

Tá gníomh déanta ag an Aontas Eorpach chun laghdú a dhéanamh ar nochtadh saoránach do BPA.

- Ó bhí an 1 Meitheamh 2011 ann, tá toirmeasc ann ar fud an Aontais Eorpaigh maidir le BPA a bheith ann i mbuidéil bheathaithe naíonán.
- Cé go gceadaítear BPA a úsáid in ábhair a bhíonn i dteagmháil le bia san Aontas Eorpach, tá teorainn ar an méid a cheadaítear a láisteadh amach as an ábhar isteach i mbia.
- Shocraigh an tAontas Eorpach teorainn maidir leis an méid BPA a cheadaítear a láisteadh amach as bréagáin do leanaí suas go haois a trí agus in aon bhréagáin atá beartaithe lena gcur isteach i mbéal linbh.
- Le héifeacht ón mbliain 2020, cuirfeadh srian ar an méid BPA i bpáipéar teirmeach san Aontas Eorpach.
- Tá staidéir eile á ndéanamh chun imscrúdú a dhéanamh faoi shábháilteacht BPS mar ábhar ionaid le haghaidh BPA.

